An Roinn Oideachais
Department of Education

# Bí Cineálta Nósanna Imeachta:
# Cad is Iompar Bulaíochta ann?












# Bí Cineálta
# Cur Chuige Comhpháirtíochta

## Bord Bainistíochta - Foirne Scoile – Scoláiri - Tuismitheoirí

# Cad is Iompar Bulaíochta ann?

***Iompar <u>spriocdhírithe</u> a <u>dhéanann dochar</u>, ar líne nó as líne, is ea bulaíocht. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. <u>Leanann</u> iompar bulaíochta <u>ar aghaidh thar thréimhse ama</u> agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí.***

***Gcúinsí áirithe d'fhéadfaí teagmhais aonuaire a mheas mar bhulaíocht. Féadfar teachtaireacht ghortaithe amháin a phostáiltear ar na meáin shóisialta a mheas mar iompar bulaíochta toisc go bhfuil dóchúlacht ann go leanfar á roinnt agus, dá bharr sin, is iompar leantach é.***

# Cad nach iompar bulaíochta ann?

- Iompar diúltach a tharlaíonn uair amháin
- Easaontas idir scoláirí, nó cásanna ina bhfuil scoláirí ag iarraidh deireadh a chur le cairdeas
- Iompair nach bhfuil d'aon ghnó de scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Bí Cineálta Roinn 2.2

# Iompar bulaíochta a tharlaíonn lasmuigh den scoil

- Níltear ag súil go rachaidh scoil i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta a tharlaíonn nuair nach bhfuil scoláirí faoi chúram na scoile ná nuair nach bhfuil an scoil freagrach astu.

- Ba chóir, go dtacódh foireann na scoile le daltaí a bhfuil tionchar ag iompar bulaíochta a tharlaíonn lasmuigh den scoil orthu.

- Mar sin féin, má leanann an iompraíocht bhulaíochta seo isteach i dtimpeallacht na scoile, caithfidh scoileanna dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta.

# Iompar bulaíochta a tharlaíonn lasmuigh den scoil

## Cibearbhulaíocht

- Is minic a leanann iompraíocht bhulaíochta, lena n-áirítear iompraíocht chibearbhulaíochta, a tharla lasmuigh den scoil ar aghaidh ar scoil..
- Sa chás go mbíonn scoláire ag gabháil don chibearbhulaíocht agus iad ar scoil, ní mór don scoil dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta.
- Sa chás go bhfulaingíonn scoláire cibearbhulaíocht ar scoil, ní mór don scoil dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta.
- In I gcás na cibearbhulaíochta, cé go bhféadfadh an teachtaireacht ghoilliúnach a bheith seolta lasmuigh d'uaireanta scoile, féadfaidh an scoláire an teachtaireacht a fheiceáil agus iad ar scoil. Sa chás go dtarlaíonn sé seo, caithfidh an scoil dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta.

# Iompar bulaíochta a tharlaíonn lasmuigh den scoil

## Plé:

- **Conas is féidir linn tacú le scoláirí a bhíonn eispéireas iompar bulaíochta acu lasmuigh den scoil?**

# AN BULAÍOCHT Í?

**1** **DÍRITHE?**
An bhfuil an t-iompar dírithe ar scoláire ar leith nó ar ghrúpa scoláirí?

**2** **DOCHAR?**
An bhfuil sé mar aidhm ag an iompar dochar fisiciúil, sóisialta nó mothúchánach a dhéanamh?

**3** **ARÍS AGUS ARÍS?**
An bhfuil an t-iompar déanta arís agus arís?

Más Tá an freagra ar gach ceann de na ceisteanna, is iompar bulaíochta é an t-iompar agus ba cheart aghaidh a thabhairt ar an iompar trí úsáid a bhaint as nósanna imeachta Bí Cineálta

Más Níl an freagra ar aon cheann de na ceisteanna, ní iompar bulaíochta é an t-iompar. Cuirtear straitéisí chun déileáil le hiompar míchuí ar fáil laistigh de Chód Iompair na scoile

# Cad is Iompar Bulaíochta ann?

## Gníomhaíocht:

- Déan athbhreithniú ar na cásanna atá curtha ar fáil
- A raibh iompar bulaíochta i gceist?
- Cén fáth?
- Cén fáth nach é?
- Cad iad na cineálacha iompraíochta bulaíochta i gceist?